



An Garda

Doiciméad Beartais

Sciatha Frithsheile a Bhainistiú agus a Úsáid

Dáta Éifeachta	02 Aibreán 2020
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannach an Gharda
Arna thabhairt isteach le	Treoir HQ 017/2020
Úinéir Beartais	Coimisinéir Cúnta, Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath

Cuspóir

Is éard is Sciath Frith-Éillithe nó “Sciath Frithsheile” ann clúdach aghaidhe agus cinn déanta d’ábhar inanáilaithe a chuireann cosc le caitheamh seile, rud a chuireann cosc le hionsaí féideartha agus scaipeadh galair/galar. Cé go raibh caitheamh seile, nó an bhagairt do chaitheamh seile, ina bhagairt i gcónaí do chomhaltaí den Gharda Síochána tá sé ábhartha ach go háirithe agus muid i lár phaindéim reatha Covid-19 (Coróinvíreas). Beidh eisiúint na Sciatha Frithsheile chuig comhaltaí den Gharda Síochána mar chuid dá TCP (Trealamh Cosanta Pearsanta) go dtí go ndéanfar athbhreithniú an 1 Meán Fómhair 2020 chun a n-oiriúnacht leanúnach a mheas.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d’Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartas

Tá oibleagáidí chearta an duine ar an nGarda Síochána, mar eagraíocht, i leith a fhoirne chomh maith le dualgas reachtúil sonrath faoi Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhoirne ina n-áit oibre a chinntiú, a mhéid is indéanta le réasún. Tá sé seo sa bhreis ar cheann dá phríomhchuspóirí chun beatha agus maoin a chosaint mar atá leagtha amach in Alt 7 d’Acht an Gharda Síochána, 2005.

Sa chomhthéacs seo aithnítear go bhfuil caitheamh seile ina bhagairt dáiríre agus inbhraite do chomhaltaí den Gharda Síochána chomh maith le baill den phobal. Tá iarmhairtí síceolaíocha agus fisiciúla fadréimseacha ag baint le hionsaithe caithimh seile a mhéadaítear go háirithe sa phaindéim reatha Covid-19.

Dá réir sin, socraíonn sé seo an bonn chun trealamh cosanta ar a dtugtar Sciatha Frithsheile a roghnú agus a fháil. Ní mór na caighdeáin maidir le feistiú agus úsáid Sciatha Frithsheile ag comhaltaí an Gharda Síochána a bheith comhsheasmhach ar fud na heagraíochta. Is é aidhm an Bheartais seo, dá bhrí sin, a chinntiú go bhfuil cur chuige éifeachtúil agus comhsheasmhach ann, i gcomhréir iomlán lenár n-oibleagáidí maidir le Cearta an Duine, a ghlactar ar fud na heagraíochta ar fad maidir le húsáid an trealamh seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach mór a n-úsáid a bheith in imthosca atá riachtanach agus comhréireach agus ar feadh tréimhse is gá chun daoine a chosaint ar an mbagairt atá i gceist agus ar an tréimhse sin amháin.

Breithnithe maidir le Cearta an Duine

Meastar gur ‘Úsáid Fornirt’ é Sciath Frithsheile a úsáid agus ní mór do chomhaltaí den Gharda Síochána caitheamh leis mar sin. Ní mór cloí leis an mbunús dlí d’úsáid den sórt sin agus lenár bprionsabail Chearta an Duine i gcónaí agus Sciath Frithsheile á úsáid. Mar aon le haon úsáid fornirt, ní mór gurb é an t-íosmhéid fhorhíon iomchuí sna himthosca é agus ní mór dó freagairt riachtanach ar an mbagairt atá ann a léiriú. Sa chomhthéacs sin, ní mór do chomhaltaí a bheith cáilithe chun sciatha frithsheile a úsáid roimh aon úsáid den sórt sin.

Ní mór aird a thabhairt freisin ar oibleagáidí an Gharda Síochána maidir le Cearta an Duine sa chinneadh Sciath Frithsheile a úsáid sa mhéid is go bhfuil sé de cheart ag gach duine meas, cóir chothrom agus dínit phearsanta a fháil agus níor cheart go ndéanfadh aon ghníomh a dhéantar idirdhealú éagórach, míréasúnta ná treallach idir daoine aonair.

Braitheann úsáid chomhréireach Sciatha Frithsheile ar chinntí a dhéanamh tar éis breithniú a dhéanamh ar Shamhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána (GDMM) (atá éigeantach), agus cinntíonn sé go bhfuil cúinsí Bunrechtúla agus Chearta an Duine i gcroílár gach cinnidh a dhéantar. Beidh sé mar aidhm ag an gcleachtas seo, chomh maith le maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar úsáid, atá treoraithe ag na naoi gcaighdeán iompair agus cleachtais laistigh den Chód Eitice, seasamh le cearta daonna gach duine a dtéann an úsáid sin i bhfeidhm orthu.

Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána.

Doiciméid Ghaolmhara

- 1) Múnla Cinnteoireachta an Gharda Síochána(GDMM)
- 2) Cód Eitice

Scagthástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Athbhreithniú ar an mBeartas

Déanfar athbhreithniú iomlán ar an gcáipéis Bheartais seo an 1 Meán Fómhair 2020 i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar eisiúint na Sciatha Frithsheile chuig Eagraíocht an Gharda Síochána i bhfianaise phaindéim Covid-19.

Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí / Treoir 2016/680/AE - An Treoir maidir le hÚdaráis Póilíneachta agus Cheartais Choiriúil

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta ach amháin chun na críocha a shonraítear sa bheartas seo, agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear sonraí pearsanta slán sábháilte. Is ag pearsanra údaráithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá.